



ÉIRE NÍOS FEARR

— CÁINAINSNÉIS CHOMHROGHNACH SHINN FÉIN 2017 —

CLÁR

Réamhrá	5
Clár Comhardaithe Ginearálta	7
Moltaí Bhuiséad 2017 Shinn Féin	9
An tionchar a bheidh ag buiséad Shinn Féin ar dhaoine aonair agus ar theaghlaigh	43

RÉAMHRÁ

Ní mór dúinn athruithe a chur i bhfeidhm sa bhliain 2017, agus ní mór don rialtas seo rudaí a dhéanamh níos fearr agus go difriúil. Ní mór deireadh a chur leis na laethanta ina ndéanann rialtas Fhianna Fáil agus Fine Gael socruithe i gcúlshiomraí le corparáidí rachmasacha ionas nach mbíonn orthu cáin a íoc.

Tá feabhas ag teacht ar chúrsaí do dhaoine áirithe agus in áiteanna áirithe fud fad na tíre agus tá fáilte roimhe seo ach le haghaidh na gcéadta míle eile is amhlaidh go maireann imní go fóill faoi chúrsaí airgid, faoi dhídean nó faoi bhíll ospidéal nó billí le pilleadh ar scoil. Mar gheall ar an gcostas ard maireachtála agus droch-chaighdeán seirbhísí poiblí bíonn teaghlaigh ag obair uaireanta fada agus go fóill beag ní bhíonn siad in ann teacht i dtír. Ba chóir go mbeadh tuismitheoirí ar bís i Meán Fómhair agus a gcuid páistí ag leanstan ar aghaidh ar an turas scolaíochta, níor chóir dóibh bheith faoi imní, strus ná ag streachailt.

Tá cuid mhór eile fós a mbíonn orthu bheith cónaí agus bheith ag obair thar lear toisc go síleann Fianna Fáil agus Fine Gael go fóill gur bealach riachtanach sábháilte í an oll-eisimirce.

Ní mór do dhaoine bheith in ann maireachtáil in áit teacht i dtír amháin mar thoradh ar Bhuiséad 2017. Ní mór dúinn ár gcuid airgid a úsáid go ciallmhar, infheistíocht a dhéanamh sa todhcháí, an costas maireachtála a laghdú agus seirbhísí cearta poiblí a sholáthar. Tá plean ceart uainn leis an muintir óg a thabhairt abhaile agus lena chinntiú an uair seo “No longer shall our children, like our cattle, be brought up for export.”

Ní mór don chothroime bheith ag croílár an bhuiséid seo. Ciallaíonn sé sin nach bhfágfar pobal ná duine ar bith inár ndiaidh.

Ní mór dúinn bheith ag smaoineamh ar Uile-Éireann. I ngeall ar thoradh an Reifrinn ar an Aontas Eorpach a fhágáil tá sé riachtanach anois geilleagar uile-Éireann bheith ann. Déanfaidh an t-imeacht seo ón Aontas Eorpach dochar d’Éirinn - cuirfidh sé moill ar fhás geilleagrach, bainfidh sé an bonn den trádáil, beidh ár n-easpórtálacha níos costasaí agus méadóidh sé an costas ar ghnó a dhéanamh. Caillfear poist dá bharr. Is é an t-aon dóigh leis seo a chosaint ná gníomhú anois lena chinntiú go bhfanfaidh an Tuaisceart, agus an chuid eile d’Éirinn, laistigh den Aontas Eorpach. Ní mór Fóram uile-Éireann a bhunú le hamharc na féidearthachtaí le go dtarlódh sé seo, beag beann ar an méid a thiteann amach i Sasana ná sa Bhreatain Bheag, agus ní mór dúinn bheith ag obair le daoine eile ar fud na hEorpa ar son athraithe.

Tá tosaíochtaí Shinn Féin i leith Bhuiséad 2017 measartha díreach:

- » **An costas maireachtála a laghdú agus seirbhísí cearta poiblí a sholáthar.**
- » **Infheistíocht chaipitiúil a mhéadú agus tithe, scoileanna, acmhainní sláinte, oibreacha fóirithinte tuilte agus bóithre a bhfuil géarghá leo a sholáthar.**
- » **Geilleagar uile-Éireann a fhorbairt agus fás fadtéarmach a spreagadh sa gheilleagar.**

I mBuiséad 2017 déanfaidh Sinn Féin an méid seo a leanas:

- » Cuirfear €1.25billiún i dtionscnaimh chaipitiúil le cuidiú le breis agus 7,000 teach nua a sholáthar, scoileanna nua a thógáil, bóithre áitiúla a dheisiú, oibreacha fóirithinte tuilte a sholáthar agus infreastruchtúr uisce a uasghrádú.
- » Tacófar le teaghlaigh tríd an gcostas táillí cúraim leanaí a laghdú ar an meán le €96.
- » Cuirfear deireadh leis na muirir uisce agus cáin réadmhaoine.
- » Déanfar infheistíocht de bhreis agus leathbhilliún i gcúrsaí oideachais chun foirgnimh scoile a thógáil agus a dheisiú, laghdófar an cóimheas daltaí múinteoirí ag leibhéal bunscoile, rachfar i ngleic le táillí tríú leibhéal agus cruthófar 1000 áit sa bhreis le haghaidh printíseachta.
- » Déanfar infheistíocht i gcúrsaí sláinte le 500 leaba sa bhreis a sholáthar in ospidéal, leis an táille ar oidis a laghdú le €1 an t-oidias, méadófar clúdach le haghaidh otharcharr agus feabhsófar seirbhísí meabhairshláinte.
- » Tacófar le daoine scothaoste trí €270 milliún sa bhreis a chur ar fáil leis an pinsean stáit a mhéadú lena n-áirítear €5.70 sa tseachtain le haghaidh breis agus 190,000 pinsinéir chomh maith leis an bpinsean iomlán stáit a thabhairt ar ais do dhaoine 65 bliain d'aois a éiríonn as an obair i.e méadú de €45 sa tseachtain.
- » Déanfar infheistíocht i dtuath na hÉireann trí phoist a chruthú, leathanbhanda a thionscnamh, an íocaíocht cúnaimh feirme a chur ar ais, agus trí infheistíocht a dhéanamh sa chóras iompar agus i mbóithre faoin tuath.
- » Déanfar tosaíocht d'infheistíocht i seirbhísí míchumais lena n-áiríteartuilleadh Teiripeoirí urlabhra agus teanga agus SNAanna a fhostú, seirbhísí cúraim faoisimh a mhéadú le 20% agus liúntais mhíchumais agus do chúramóirí a mhéadú.
- » Cruthófar poist - cuideoidh ár gclár infheistíochta le breis agus 23,500 post sa bhreis a chruthú ar an mbliain seo chugainn, agus ní áirítear leis sin na poist a chruthófar sa gheilleagar áitiúil mar thoradh ar ár moltaí eile buiséid.

AN CLÁR COMHARDAITHE GINEARÁLTA

	€milliún
Caiteachas reatha	
Caiteachas	1,819.76
Coigilteas	133.77
Caiteachas glan reatha	1,686
Caiteachas Caipitiúil	
Caiteachas	1,225.75
Spás fioscach úsáidte	316
CÁIN	
Caiteachas	738
Ioncam	1,740
Cáin Ghlan Bhreise	1,002

	€milliún
Caiteachas reatha	1,686
Caiteachas Caipitiúil	316
Cáin Bhreise	1,002
Iarmhéid	-1,000.00
Spás fioscach	1,000.00

MOLTAÍ SHINN FÉIN LE HAGHAIDH BHUISÉAD 2017

CLÁR UM INFHEISTÍOCHT CHAIPITIÚIL	IOMLÁN €1.23 billiún
Tithe nua a sholáthar	€491m
Infreastuctúr ospidéal agus sláinte	€150m
Scoileanna a thógáil, deisiúcháin agus Teicneolaíocht an Eolais	€179m
Infreastuctúr uisce	€200m
Iompar poiblí agus bóithre	€110m
Tionscadail Thuaidh agus Theas	€20m
Oibreacha Faoisimh Tuilte	€49m
Cuanta, céanna agus múrálacha	€7m
Na hEalaíona, Oidhreachta agus an Ghaeltacht	€15.75m
Spórt	€4m

AN COSTAS MAIREACHTÁLA A LAGHDÚ	IOMLÁN €1.82bn
Sláinte	€462.81m
Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Pobal	€79.4m
Oideachas	€278.93m
Cúram Leanaí	€252.25m
Tacú le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide	€25.725m
Forbairt Réigiúnach agus an Ghaeltacht	€34.08m
Tuath na hÉireann	€39.53m
Tacú le Forais Uile-Éireann	€10.1m
Acmhainní na nGardaí	€19.433m
Iompar Poiblí	€23.66m
Na hEalaíona agus Cultúr	€15.5m
Fórsa Oibre san Earnáil Phoiblí, Tuarastal agus Pinsean	€69.1m
Coimirce Shóisialta	€503.15m
Cúnamh Forbartha Thar Lear	€5m
An Comhlacht Comhairleach Buiséid agus Comhionannais	€1.1m

COIGILTIS	IOMLÁN €133.77 milliún
Tuarastal agus pinsean iomarcach a laghdú	€10.92m
Riálú na hEarnála Airgeadais	€69m
Síothlú scéim JobBridge	€4.8m
Cealú Scéim Gateway	€5.2m
Úsáid níos fearr as JobsPlus	€28m
Scoileanna Phríobháideacha	15.85

COTHROIME I GCÚRSAÍ CÁNACH - AG TACÚ LE TEAGHLAIGH AGUS LE HOIBRITHE	IOMLÁN €738 milliún
Deireadh a chur le cáin réadmhaoine	€440m
Deireadh a chur le muirir uisce	€58m
Fóirdheontas ar scéim uisce Ghrúpa a mhéadú	€1.5m
Oibríthe a thuilleann €19,752 nó níos lú amach as an Muirear Sóisialta Uilíoch	€78m
Creidmheasanna cánach a mhéadú do dhaoine féinfhostaithe	€51m
Deireadh a chur le pionóis ghálaí cánach	€72.7m
Bandaí ÁSPC a mhéadú de réir an mhéaduithe ar an íosphá	€14.8m
Fóirithint Tionscnaimh a leathnú le haghaidh Fionraithe	€5m
CBL/VRT a aisíoc ar cháin ar tacsaithe atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí	€12.5m
Creidmheas cánach le haghaidh leanaí ar chúrsaí Gaeltachta	€4.5m

CÁIN - SCIAR COTHROM A ÍOC	IOMLÁN €1,740m
Cáin réadmhaoine agus chaipitiúil	
An muirear athbhaile a thabhairt isteach arís go €400	€110m
Cáin Fháltas Caipitiúil a mhéadú le 3% go 36%	€29.3m
Dleachta Máil agus Tobhaigh	
Cáin ar Gheallghlacadóirí agus ar Gheallghlacadóireacht ar líne a leagtar ar chustaiméirí a mhéadú go 3%	€95m
Dleacht máil a mhéadú ar bhosca toitíní le 50c	-
Cáin thoirtmhéadrach a thabhairt isteach ar dheochanna síúcracha milsithe ag ráta de €24.64 an heictilítear	€101.3m
Tobhach bainc a mhéadú	€25m
Dleacht stampála tráchtála	
Dleacht stampála tráchtála a mhéadú ó 2% go 3%	€117m
Deireadh a chur le buntáiste cánach	
An ráta 9% CBL ar leapacha óstáin a bhaint ar shiúl	€175m
Cáin Ioncaim	
An cháin a íoctar ar ioncam aonair thar €100,000 a mhéadú le 7 cent i ngach euro	€464m
Pinsin	
Teorainneacha ar thuilleamh le haghaidh ranníocaíochtaí pinsin a laghdú	€137m
Tairseach an Chiste Chaighdeánaigh a laghdú	€120m
ÁSPC	
Ráta nua de 15.75% de ÁSPC fostóirí ar thuarastal thar €100,000	€331.4m
Dul i ngleic le hImghabháil Cánach, agus le gníomhaíocht ar an margadh dubh	
Foireann na gCoimisinéirí Ioncaim a mhéadú le 125 le dul i ngleic le hImghabháil cánach agus le gníomhaíocht ar an margadh dubh	€35m
Scéimeanna imghabhála cánach a dhruidim	

AN TIONCHAR A BHEIDH AG BUISÉAD SHINN FÉIN AR DHAOINE AONAIR AGUS AR THEAGHLAIGH

Duine 65 bliain d'aois atá ar scor

Cás-Staidéir 1

D'oibrigh Mícheál leis an ngnólacht chéanna san earnáil phríobháideach le fiche bliain anuas. Tagann deireadh lena chonradh fostaíochta nuair a bhaineann sé 65 bliain amach. Bainfidh Mícheál leas de €45 sa tseachtain as an moladh atá againn an Pinsean Stáit (Aistriú) a chur ar bun arís. Tá a theach féin aige féin agus a bheanchéile agus ar a bharr sin, bainfidh sé leas as an gCáin Mhaoine Áitiúil agus Muirir Uisce a chur ar ceal.

An Pinsean Stáit (Aistriú) a chur ar bun arís	€2,340
Cáin Maoine Áitiúil a chur ar ceal	€315
Muirir uisce a chur ar ceal	€160
Iomlán	€2,815

Beirt Thuismitheoirí ag obair - Cúram Leanaí

Cás-Staidéir 2

Tá Seán agus Nuala pósta agus cónaí uirthi ina dteach féin agus beirt pháistí acu, atá 6 mhí agus dhá bhliain d'aois, agus tá siad ag íoc i láthair na huaire le haghaidh cúraim leanaí don bheirt. Oibríonn Seán mar shiúinéir ag tuilleadh €50,000 agus oibríonn Nuala mar bhanaltra ag tuilleadh €36,000. Bainfidh siad leas as cúram leanaí fóirdheonaithe le €4,994 an leanbh agus bainfidh

Seán leas as méadú sa chreidmheas cánach le haghaidh daoine féinfhostaithe ó €750 go €1,300. Ar a bharr sin, mar gheall ar cháin mhaoine áitiúil agus muirir uisce bheith ar ceal, laghdófar an t-ualach ar a theaghlach.

Cúram Leanaí 2 x €4,994	€9,988
Creidmheas Cánach do dhaoine féinfhostaithe	€750
Cáin Mhaoine a chealú	€420
Muirir uisce a chealú	€160
Iomlán	€11,318

Garda a thosaigh sa bhliain 2015

Cás-
Staidéir
4

Is Garda í Máire a thosaigh ag obair leis na Gardaí sa bhliain 2015 agus tá árasán aici ar cíós i Gaillimh. Bainfidh sí leas as na liúntais cíosa do Ghardaí a bheith ar fáil anois d'earcaigh roimh 2011, ar fiú €4,017 sa bhliain é mar liúntas cíosa aici. Is lé Máire a gluaisteán féin agus mar gheall ar bhrú airgeadais, ní mór di a mótarcháin a íoc ina gálaí ceithre huaire sa bhliain, agus ag íoc formhuirir pheannaidigh de €65, bhainfeadh sí leas ag an formhuirear ar mhótarcháin a chur ar ceal.

Rachaidh Máire chuig an bhfiacloir freisin i mbliana agus bainfidh sí leas as sciúr agus snasaigh saor in aisce uair sa bhliain, ar fiú €50 é. Ar a bharr sin, ní bheidh ar Mháire muirir uisce a íoc agus beidh coigilteas de €60 aici dá bharr.

Liúntas cíosa do Ghardaí	€4.017
An muirear peannaideach ar mhótarcháin a chealú	€65
Sciúr agus snasaigh saor in aisce sa bhliain	€50
Cealú muirear uisce	€60
Iomlán	€4,192

Daoine faoi mhíchumas agus a chúramóir

Cás-
Staidéir
5

Tá Daniel 23 bliain d'aois. Faigheann sé an Liúntas Míchumais. Tá cónaí air lena mháthair, atá mar chúramóir lánaimseartha aige, i dteach ar le Fionnuala é. Bainfidh siad leas as méadú de €5.50 ar an liúntas míchumais san ioncam tí, €3 ar an liúntas do chúramóirí agus 3 seachtaine breise de liúntas breosla.

Ní raibh an staighre sa teach atá acu faoi láthair oiriúnach le tamall anuas do mhíchumas Daniel, ach níor cóiríodh riamh é toisc nach raibh go leor maoinithe ar fáil ó na scéimeanna deontais oiriúnaithe ag rialtais áitiúla. Mar gheall ar thiomantas Shinn Féin leis an maoiniú lárnach do na scéimeanna deontais seo a mhéadú le 50% trí €15.75m sa bhreis a leithdháileadh sa bhliain 2017, is féidir go bhfaighidh siad deontas d'uasmhéid €30,000, ag brath ar an gcóiríú atá ag teastáil, ionas gur féidir leo tabhairt faoin obair chuí.

Ba mhian le Daniel an tseirbhís ionaid chúraim lae a fhágáil agus post a fháil sna meáin dhigiteacha. Mar gheall ar mholadh Shinn Féin an Scéim mhóimintim a leathnú go daoine óga a fhaigheann an liúntas míchumais, chomh maith leis an tacaíocht bhreise a chuirtear ar fáil inár mBuiséad Sláinte, is féidir go mbeidh deis ag Daniel an aisling atá aige a fhíorú.

Bainfidh siad leas freisin as táillí muirear uisce bheith ar ceal, €160 agus an Cháin Mhaoine Áitiúil, €283.

Méadú de €5.50 sa tseachtain sa Liúntas Míchumais	€286
Méadú de €3 sa tseachtain sa Liúntas do Chúramóirí	€156
3 seachtaine breise de liúntas breosla	€67.50
Muirir uisce a chur ar ceal	€160
Cáin Maoine Áitiúil a chur ar ceal	€283
Deontas Oiriúnaithe	méadaithe go €30,000
Iomlán	€952.50

